Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# TEASTAS SÓISEARACH 2011

# AN SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# GNÁTHLEIBHÉAL

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **leathanach 9** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

**CLUASTUISCINT** **40 MARC**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir amháin a roghnú i ngach cás.

3. Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

| ROINN I | AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA | 40 MARC |
|---|---|---|

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh anseo.

**Cuid A (16 mharc)**

Sé mhír eolais á lorg, trí mharc an ceann.

**3 + 3 + 2 mharc x 2 = 16 mharc**

**Cuid B (12 mharc)**

4 mhír eolais á lorg, trí mharc an ceann.

**3 mharc x 4 = 12 mharc**

**Cuid C (12 mharc)**

4 mhír eolais, trí mharc an ceann.

**3 mharc x 4 = 12 mharc**

| ROINN II | LÉAMHTHUISNT | 120 MARC |
|---|---|---|

**C.1** **30 marc (3 mharc x 10 = 30)**

**C.2** **30 marc**. Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c).

**(a) Fógra:** 15 mharc (5 mharc x 3 = 15 mharc)

**(b) Fógra:** 15 mharc (5 mharc x 3 = 15 mharc)

**(c ) Fógra:** 15 mharc (5 mharc x 3 = 15 mharc)

**C.3** **60 marc** Freagair (a) **agus** (b).

**(a) Giota Leanúnach:** 30 marc (6 mharc x 5 = 30 marc)

**(b) Giota Leanúnach:** 30 marc (6 mharc x 5 = 30 marc)

| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | 80 marc |
|---|---|---|

N.B. I Roinn III, Ceapadóireacht, bíodh coibhneas idir an marc a bhronntar ar 'Eolas' agus an marc a bhronntar ar 'Gaeilge'

**Eolas:** Comhlíonadh na dtascanna atá luaite.
**Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide.

**C. 4 Cárta Poist 20 marc**

**Eolas:** 5 mharc (1 mharc x 5 = 5 mharc)
**Gaeilge:** 15 mharc (Blocmharcáil)

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann
- '0'(náid) ar eolas → '0'(náid) ar Ghaeilge
- Bronn marcanna eolais ar phointí loma.

**C. 5 Cuntas / Blag 20 marc**

**Eolas:** 4 mharc (1 mharc x 4 = 4 mharc)
**Gaeilge:** 16 mharc (Blocmharcáil).

**C. 6 40 marc** Freagair (a) ***nó*** (b)

**(a) Litir**

**Foirmlí:** 4 mharc (Seoladh = 1+ Dátaí =1 +Beannú = 1 + Síníu Scoir = 1)
**Eolas:** 8 marc (2 mharc x 4 = 8 marc)
**Gaeilge:** 28 marc (blocmharcáil).

- **Eolas:** '0'(náid) ar eolas ➔'0'(náid) ar Ghaeilge.

**(b) Alt/Cuntas**

**Eolas:** 10 marc (2 mharc x 5 = 10 marc)
**Gaeilge:** 30 marc (blocmharcáil).

- **Eolas:** '0'(náid) ar eolas ➔'0'(náid) ar Ghaeilge
- **Pointe eolais** as **gach** bosca ( sraith phictiúr) 1- 4 agus an cúigiú pointe as bosca ar bith.

# Scríobh na Teanga

Má tá pointí ar lár san Eolas i gCeist 1, i gCeist 2 agus i gCeist 3 caithfidh coibhneas a bheith idir an marc don eolas agus an marc is airde gur féidir a bhronnadh ar an nGaeilge**.**

**Ceist 4 Cárta**

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | As 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | As 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | As 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | As 12 mharc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | As 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

**Ceist 5 Cuntas / Blag**

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | As 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | As 8 marc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | As 12 mharc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | As 16 mharc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

## Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | As 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | As 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | As 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | As 28 marc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

## Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | As 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | As 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | As 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | As 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | As 30 marc | A 25-30<br>B 21-24<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

# Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

**2)** Iarrthóirí a d'úsáid

- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinnis sa ghramadach' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **14/15** | **→15 mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **15/16** | **→16 mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **11 – 15** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **16 – 20** | **+ 3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **21 – 24** | **+ 4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **11 – 15** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **16 – 20** | **+ 3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **21 – 25** | **+ 4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna ar Ghaeilge: **26/27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit 2011

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH**

**------------------------------------**

**GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL**

**------------------------------------------------------**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA**

**------------------------------------**

**TÉACS**

**-----------------**

## CUID A

### AN CHÉAD CHAINTEOIR

Is mise Cáit Ní Riain. Táim i mo chónaí sa Daingean i gContae Chiarraí. Bhí mo mháthair ag obair in óstán ach chaill sí a post anuraidh. Marcaíocht chapall an caitheamh aimsire is fearr liom. Tá capall bán agam. Sneachta is ainm dó. Ba mhaith liom dul isteach san airm amach anseo.

### AN DARA CAINTEOIR

Cén chaoi a bhfuil sibh? Seán Ó Conaire anseo. Rugadh mé in Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe. Tá mé ag freastal ar scoil chónaithe. Imrím sacar le Gaillimh Aontaithe. Bhí cúpla triail agam i Sasana sa samhradh. Shínigh mé conradh bliana le Leeds United an tseachtain seo caite. Tá súil agam go n-éireoidh liom ann. Is é Kevin Doyle an t-imreoir sacair is fearr liom.

## CUID B

### FÓGRA

Beidh Fleá Ceoil na hÉireann ar siúl i mbaile mór an Chabháin i mbliana. Beidh sé ar siúl i mí Lúnasa. Tá traidisiún fada ceoil agus amhránaíochta sa cheantar. Tá gach eolas faoin bhFleá le fáil ag www.fleadh2011.ie .

### PÍOSA NUACHTA

Bhí an t-óstán *Knockranny House* i gCathair na Mart sa nuacht le déanaí. Bhuaigh sé an chéad duais i gComórtas Bialanna na hÉireann. Bronnadh an trófaí ag ócáid speisialta san Óstán Burlington i mBaile Átha Cliath. Bhí seacht gcéad duine i láthair ag an ócáid.

.

## CUID C

### CÓMHRÁ A hAON

Brian: Goidé mar atá tú, a Úna? Brian Ó Néill anseo.

Úna: Níl Úna anseo faoi láthair ach fág teachtaireacht………..
(*Tosaíonn Úna ag gáire*).

Brian: Éirigh as an bpleidhcíocht a Úna. Táim ag lorg nótaí Staire?

Úna: Brón orm, a Bhriain. Goidé a dúirt tú?

**SOS**

Brian: An bhfuil na nótaí a fuaireamar faoi *Michael Collins* agat?

Úna: Tá cinnte. Tá na nótaí staire agam. An bhfuil a fhios agat go bhfuil siad ar shuíomh gréasáin na scoile fosta?

Brian: Tá a fhios agam sin ach níl banda leathan againn sa bhaile.

Úna: Ná bíodh imní ort, a Bhriain. Tabharfaidh mé na nótaí staire duit amárach.

### CÓMHRÁ A DÓ

Antain: Haigh, a Neasa.

Neasa: Heilleo, a Antain. Cén chaoi a bhfuil tú?

Antain: Go maith a Neasa. Bhí mé ag *Féile Ocsaigine* i mbliana. An raibh tusa ann?

Neasa: Ní raibh. Bhí mé thar lear.

Antain: Thar lear!  Nach méanar do dhaoine áirithe?

**SOS**

Neasa: Oibríonn mo dhaid thar lear.

Antain: Bhí an banna ceoil *Arcade Fire* ag *Féile Ocsaigine* i mbliana. Bhí na bannaí ceoil ar fheabhas. An maith leat iad?

Neasa: Is aoibhinn liom iad.

Antain: Feicfidh tú arís iad. Beidh siad san *O2* i mí na Samhna.

2011. S6

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | 240 |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| **Nóta**: ☞ Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**ROINN I - CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceist | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | 40 | ☞ |
| Marc | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 | | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| ROINN | CEIST | MARC |
| II | 1 | 30 |
| | 2 | 30 |
| | 3 | 60 |
| III | 4 | 20 |
| | 5 | 20 |
| | 6 | 40 |
| IOMLÁN ☞ | | 200 |
| CLUASTUISCINT ☞ | | 40 |
| MÓRIOMLÁN ☞ | | 240 |
| GRÁD ☞ | | A |

**40**

## ROINN I – CLUASTUISCINT (40 marc)

**N. B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.**

### CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó bheirt daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

**1.** **An Chéad Chainteoir**

| Ainm | Cáit Ní Riain | |
|---|---|---|
| Cá bhfuil Cáit ina cónaí? | • Daingean, Co Chiarraí<br>• Co. Chiarraí / Ciarraí<br>• An Daingean / Daingean | **3** |
| Cathain a chaill máthair Cháit a post? | • An bhliain seo caite<br>• Anuraidh | **3** |
| Cén dath atá ar chapall Cháit? | • Bán | **2** |

**8**

**2.** **An Dara Cainteoir**

| Ainm | Seán Ó Conaire | |
|---|---|---|
| Cár rugadh Seán? | • Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe<br>• Co. na Gaillimhe<br>• Uachtar Ard | **3** |
| Cad a imríonn sé le Gaillimh Aontaithe? | • Sacar | **3** |
| Cé hé an t-imreoir is fearr leis? | • Kevin Doyle | **2** |

**8**
**16**

## CUID B

Cloisfidh tú fógra agus píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach ceann díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo. Beidh sos tar éis gach ceann chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a ghabhann le gach ceann acu a fhreagairt.

**1.** **Fógra**



(a)


(b)


(c)


(d)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? **b** √ **3**

**(b)** Cad atá sa cheantar?


(a) sléibhte arda

(b) bóithre dainséaracha

(c) **traidisiún fada ceoil agus amhránaíochta** **c** √ **3/6**

(d) daoine cairdiúla

**2.** **Píosa Nuachta**



(a)



(b)


(c)



(d)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **d** √ **3**

**(b)** Cé mhéad duine a bhí i láthair?

(a) **seacht gcéad**

(b) dhá chéad **a** √ **3/6**

(c) fiche

(d) míle **16 + 12 = 28**

## CUID C

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina **dhá** mhír an dara huair.
Beidh sos tar éis gach míre díobh chun seans a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt.

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***



(a) (b) (c) (d)

**(a)** Cad atá ar siúl ag Brian agus Úna? **a** √ **3**

***An Dara Mír***

**(b)** Cad atá ag Úna?

(a) nótaí Matamaitice

(b) **nótaí Staire**

(c) nótaí Béarla

(d) nótaí Gaeilge

**b** √ **3** **6**

**2.** **Comhrá a Dó**

***An Chéad Mhír***



(a) (b) (c) (d)

**(a)** Cá raibh Antain? **c** √ **3**

***An Dara Mír***

**(b)** Cathain a bheidh Arcade Fire san O2?

(a) an bhliain seo chugainn

(b) i gceann seachtaine

(c) san earrach

(d) **i mí na Samhna**

**d** √ **3** **6**


**28 + 12 = 40**

**FREAGAIR GACH CEIST.**


**N.B.** Ní mór na freagraí ar na ceisteanna sa Roinn seo a scríobh sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

**Fón Póca Caillte**
Glaoigh ar 01- 234578
1





**Scannán**
Halla na Scoile 7.30 p.m.
2




**Bróga**
Den fhaisean is déanaí
3




**Cosán sléibhe dúnta**
Gabh malairt slí
4




**Ná siúil ar an bhféar**
5




**Tiomáin go mall**
Sioc ar na bóithre
6





**Troscán**
Sladmhargadh inniu
7




**Ionad garraíodóireachta**
Laghdú 50% ar gach rud
8




**Siúinéir ar fáil**
Ardchaighdeán oibre
9




**Leabharlann Phoiblí**
Ciúnas le do thoil
10




| Uimhir | Litir | | |
|---|---|---|---|
| 1 | **E** | **3** | √ |
| 2 | **G** | **3** | √ |
| 3 | **A** | **3** | √ |
| 4 | **H** | **3** | √ |
| 5 | **D** | **3** | √ |
| 6 | **B** | **3** | √ |
| 7 | **I** | **3** | √ |
| 8 | **C** | **3** | √ |
| 9 | **J** | **3** | √ |
| 10 | **F** | **3** | √ |

**30**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **30** |
|---|---|

30

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (a), (b), (c). **(30 marc)**

(a) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**



## Cumann Lúthchleas Gael

*Cúlchampaí Samhraidh*





**Cúrsaí seachtaine**

Do bhuachaillí agus cailíní idir 7-13
Bainfidh tú craic agus sult as na cúrsaí seo

**Ar siúl**

i rith an tsamhraidh
ó Luan go hAoine, 10 a.m. go dtí 2.30 p.m. gach lá
i ngach contae ar fud na tíre





**Beidh seans agat**

cairde nua a dhéanamh
éirí níos aclaí

**Clár laethúil na gcampaí**

Foghlaimeoidh tú scileanna difriúla na gcluichí gach lá
Déanfaidh tú cleachtadh ar na scileanna seo i mionchluichí

**Eolas**

faoi na campaí i do cheantar féin ag
**vhiculcamps.gaa.ie**

(i) Cé dó na cúrsaí?
- **Do bhuachaillí agus cailíní idir 7-13.** √ 5

(ii) Cá mbeidh na campaí ar siúl?
- **I ngach contae ar fud na tíre** √ 5
- **Gach contae ar fud na tíre / gach contae.**

(iii) Cá bhfuil eolas faoi na campaí le fáil?
- **Ag vhiculcamps.gaa.ie** √ 5
- **vhiculcamps.gaa.ie**

**15**

| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | 30 + 30 | = | 60 |
|---|---|---|---|

(b) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# TRÓCAIRE

Ag obair ar son na mbocht ar fud an domhain






## Trócaire

- Ag cabhrú le feirmeoirí bochta san Aetóip barra a fhás
- Ag cur oideachais ar fáil do dhaoine óga in Siarra Leon
- Ag cur crainn úll agus piorraí ar fáil do mhuintir Pheiriú

## Is féidir leat cabhrú

- Cuir suim airgid go díreach chuig *Trócaire*
- Cuir airgead i mbosca *Trócaire* i rith an Charghais
- Eagraigh siúlóid, ceolchoirm nó imeacht ar bith eile ar son *Trócaire*

## Bailigh airgead

- Dreap sliabh
- Glac páirt i maratón
- Déan turas rothaíochta



## Teagmháil

Fón: 01 6293333

Ríomhphost: info@trocaire.ie



Suíomh Gréasáin: www.trocaire.ie

(i) Cé dó a mbíonn *Trócaire* ag obair?

- **Ar son na mbocht ar fud an domhain / Na boicht / Daoine bochta** √ **5**
- **Feirmeoirí bochta san Aetóip**
- **Muintir Siarra Leon / muintir Pheiriú.**

(ii) Cad a chuireann *Trócaire* ar fáil do dhaoine óga in Siarra Leon?

- **Ag cur oideachas ar fáil do dhaoine óga in Sierra Leone** √ **5**
- **Ag cur oideachas ar fáil / oideachas.**

(iii) Luaigh **dhá** shlí inar féidir leat teagmháil a dhéanamh le *Trócaire*.

- **Fón 01 6293333** √
- **Ríomhphost: info@trocaire.ie** √ **3 + 2** **5**

**15**

(c) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# AR DO ROTHAR!

## Níl aon leithscéal agat

*Rothair ar cíos*

Baile Átha Cliath



**Buntáistí na rothaíochta**

- Beidh tú aclaí
- Beidh tú sláintiúil
- Ní bheidh fadhbanna páirceála agat
- Modh taistil tapa, áisiúil agus saor



**Rothar maith**

- Coscáin atá ag obair
- Boinn mhaithe
- Lampa tosaigh agus lampa cúil



**Ag rothaíocht**

- Tabhair aire duit féin agus do dhaoine eile
- Caith clogad agus éadaí frithchaiteacha
- Lean rialacha an bhóthair
- Úsáid raon rothar más féidir
- Ná rothaigh róchóngarach do chosáin ná do ghluaisteáin



**Bí ar d'aire**

Féach *agus* éist i gcónaí!

(i) Cad atá ar fáil ar cíos i mBaile Átha Cliath?
- **An scéim rothar-ar-cíos / rothair.** √ **5**

(ii) Cad is ceart a chaitheamh agus tú ag rothaíocht?
- **Clogad agus éadaí frithchaiteacha** √ **3 + 2** **5**
- **Clogad**
- **Éadaí frithchaiteacha.**

(iii) Scríobh síos **dhá** rud a bhaineann le rothar maith.
- **Coscáin atá ag obair**
- **Boinn mhaithe** **3 + 2** **5**

**(Lampa tosaigh agus lampa cúil)** **15**
**(Lampa tosaigh)**
**(Lampa Cúil).**

60

**CEIST 3.** Freagair (a) **agus** (b) anseo. **(60 marc)**

(a) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Katie Taylor
# Laoch Domhanda

**1.** Tá aithne ag gach duine ar Katie Taylor, an dornálaí cáiliúil. Tá sí ina cónaí i mBré, Co. Chill Mhantáin. Rugadh Katie ar an 2 Meitheamh 1986.

**2.** Ní scéal mór é go bhfuil suim ag Katie sa dornálaíocht. Laoch dornálaíochta ba ea a hathair Peter. Ba réiteoir dornálaíochta a máthair. Thosaigh Katie ag dornálaíocht nuair a bhí sí dhá bhliain déag d'aois. Bhí a hathair ina thraenálaí sa chlub áitiúil agus mar gheall air sin thosaigh sí ag traenáil ann.

**3.** Tá Craobh na hEorpa buaite ag Katie ceithre huaire anois. In 2006 bhuaigh sí Craobh an Domhain san India den chéad uair, sa tSín den dara huair in 2008 agus in Barbados den tríú huair in 2010. Bhronn an Cumann Dornálaíochta Idirnáisiúnta an gradam *Bandornálaí na Bliana* uirthi in 2010.

**4.** Tá bua eile ag Katie. D'imir sí sacar le foireann shinsearach na hÉireann. Is breá le Katie an sacar ach tá sí ag tabhairt tús áite don dornálaíocht i láthair na huaire.



**Katie Taylor**

**5.** Beidh comórtas dornálaíochta do mhná sna Cluichí Oilimpeacha den chéad uair in 2012. Tá súil ag Katie páirt a ghlacadh sna cluichí. Beidh gach duine in Éirinn ag tabhairt tacaíochta di.

(i) Cathain a rugadh Katie Taylor? (**Alt 1**)
- **Rugadh Katie ar an 2 Meitheamh 1986** 6
- **2 Meitheamh 1986 / 2 Meitheamh.**

(ii) Cár thosaigh Katie ag dornálaíocht? (**Alt 2**)
- **Bhí a hathair ina thraenálaí sa chlub áitiúil agus mar gheall air sin thosaigh sí ag traenáil ann** 6
- **Club áitiúil.**

(iii) Cé mhéad uair a bhuaigh Katie Craobh an Domhain? (**Alt 3**)
- **In 2006 bhuaigh sí Craobh an Domhain san India den chéad uair, sa tSín den dara huair in 2008 agus in Barbados den tríú huair in 2010** 6
- **Trí huaire / 3.**

(iv) Cé leis ar imir Katie sacar? (**Alt 4**)
- **D'imir sí sacar le foireann shinsearach na hÉireann** 6
- **Foireann shinsearach na hÉireann / foireann na hÉireann.**

(v) Cén comórtas do mhná a bheidh sna Cluichí Oilimpeacha in 2012? (**Alt 5**)
- **Beidh comórtas dornálaíochta do mhná sna cluichí Oilimpeacha den chéad uair in 2012** 6
- **Comórtas dornálaíochta / Dornálaíocht.** **30**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **60 + 60** | = | **120** |
|---|---|---|---|

(b) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Rory McIlroy
# Galfaire le tallann iontach

**1.** Thosaigh Rory McIlroy ag imirt gailf agus é an-óg. Nuair a bhí sé deich mbliana d'aois bhí sé ábalta liathróid a bhualadh ón halla isteach i ndruma an mheaisín níocháin sa chistin!

**2.** Bhí fhios ag a athair agus a mháthair go raibh sé go maith ag an ngalf. Mar gheall air sin rinne siad gach iarracht cabhrú leis. Thóg a thuismitheoirí Rory chuig na comórtais éagsúla ar ghlac sé páirt iontu.

**3.** Bhí an taisteal go léir an-chostasach. Bhí trí phost ag a athair. D'oibrigh sé nócha uair an chloig sa tseachtain chun na billí a íoc. Ag an am céanna bhí post oíche ag a mháthair. Ní dheachaigh an teaghlach ar saoire ar feadh seacht mbliana. Thóg siad plásóg amais sa ghairdín agus chuir siad soilse thart uirthi. Chaith Rory a lán ama ansin ag cleachtadh de lá agus d'oíche.

**4.** Tá clú agus cáil ar Rory anois ar fud an domhain. In 2010 bhuaigh sé comórtas an PGA i Meiriceá. Is é Tiger Woods an t-aon imreoir eile a bhuaigh comórtas chomh mór sin sular shroich sé bliain is fiche d'aois. Bhí Rory ar fhoireann na hEorpa a bhuaigh an Ryder Cup anuraidh.




**Rory McIlroy**

**5.** Tá Rory dhá bhliain is fiche d'aois anois. Is duine fíordheas agus cumasach é. Tá dóchas ag gach duine go n-éireoidh go geal leis amach anseo.

(i) Cár chuir Rory an liathróid ghailf? (**Alt 1**)
- **Isteach i ndruma an mheaisín níocháin** 6
- **Nuair a bhí sé deich mbliana d'aois bhí sé ábalta liathróid a bhualadh ón halla isteach i ndruma an mheaisín níocháin**
- **Druma an mheaisín níocháin / meaisín níocháin.**

(ii) Cén fáth ar chabhraigh a athair agus a mháthair leis? (**Alt 2**)
- **Bhí fhios ag a athair agus a mháthair go raibh sé go maith ag an ngalf** 6
- **Bhí sé go maith ag an ngalf.**

(iii) Cé mhéad post a bhí ag athair Rory? (**Alt 3**)
- **Bhí trí phost ag a athair** 6
- **Trí phost**
- **Trí / 3.**

(iv) Cén comórtas a bhuaigh Rory i Meiriceá? (**Alt 4**)
- **In 2010 bhuaigh sé an comórtas PGA i Meiriceá** 6
- **Comórtas PGA.**

(v) Cén saghas duine é? (**Alt 5**)
- **Is duine fíordheas agus cumasach é** **3 + 3** **6**
- **Fíordheas agus cumasach.** **30**

**ROINN III – SCRÍOBH NA TEANGA** **(80 marc)**

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**N.B. Roinn III, Ceapadóireacht,** bíodh coibhneas idir an marc a bhronntar ar **'Eolas'** agus an marc a bhronntar ar **'Gaeilge'.**

**CEIST 4.** **(20 marc)**

Tá tú ar saoire le do chlub spóirt in Éirinn. Scríobh **cárta poist** chuig do chara.
Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**P1** **an aimsir**
**P2** **rud éigin is maith leat faoin áit**
**P3** **an spórt a imríonn tú**
**P4** **an bia**
**P5** **cathain a fhillfidh tú abhaile.**

**CÁRTA POIST**

**Eolas = 5 mharc**

**P1**

**P2** **P3**

**P4**

**P5**

**Gaeilge = 15 mharc (blocmharcáil)**

| | |
|---|---|
| | **1** |
| | **1** |
| | **1** |
| | **1** |
| | **1** |
| **E** | **5** |
| **G** | **15** |
| | **20** |

**Eolas:** Comhlíonadh na dtascanna atá luaite.
**Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide.

**Eolas:** 5 mharc (1 mharc x 5 = 5 mharc)
**Gaeilge:** 15 mharc (blocmharcáil)

- Ní gá seoladh ná beannú a bheith ann
- '0' (náid) ar eolas → '0' (náid) ar Ghaeilge
- Bronn marcanna eolais ar phointí loma.


N.B. Mura ndéanann an t-iarrthóir tagairt do spórt, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 120 + 20 | = | 140 |
|---|---|---|---|

**20**

**CEIST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Deirdre sna pictiúir thíos. Faigheann tú cuireadh dul ag siopadóireacht. Scríobh cuntas / blag faoin lá.




| **Pictiúr 1.** | **Pictiúr 2.** | **Pictiúr 3.** | **Pictiúr 4.** |
|---|---|---|---|
| Cuireadh dul ag siopadóireacht | Glacadh leis an gcuireadh | Eolas faoin lá siopadóireachta | Cuntas/blag |

Luaigh sa **chuntas / blag:**

**P1 Cá raibh Deirdre agus Liam? (Pictiúr 1)**
**P2 Cad a tharla ansin? (Pictiúr 2)**
**P3 Déan cur síos ar an lá siopadóireachta. (Pictiúr 3) Dhá phointe eolais ag teastáil.**

**CUNTAS / BLAG**

**Lá Mór Siopadóireachta**

__________________________**P1**__________________________

__________________**P2**__________________________

**Eolas = 4 mharc**

________________**P3**__________________________

__________________________________________**P4**__________

**Gaeilge = 16 mharc (blocmharcáil)**

__________________________________________

__________________________________________

Go dtí an chéad uair eile,

*Deirdre.*

N.B. I Roinn III , Ceapadóireacht, bíodh coibhneas idir an marc a bhronntar ar 'Eolas' agus an marc a bhronntar ar 'Gaeilge'

Eolas: Comhlíonadh na dtascannna atá luaite.

Gaeilge: Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáid

Eolas: 4 mharc ( 1 mharc x 4 = 4 mharc)
Gaeilge: 16 mharc (Blocmharcáil)

- '0'(náid) ar eolas ➔ '0'(náid) ar Ghaeilge.
- Bronn marcanna eolais ar phointí loma.

N.B. Mura ndéanann an t-iarrthóir tagairt do shiopadóireacht, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta

| Don Scrúdaitheoir Iomlán reatha→ | 140 + 20 | = | 160 |
|---|---|---|---|

**40**

**CEIST 6. Freagair (a) Litir nó (b) Alt / Cuntas anseo.** **(40 marc)**

**(a)** **Litir**

Bhuaigh tú airgead i gcrannchur na scoile. Scríobh litir chuig do chara.




Sa **litir** luaigh na pointí seo:

**P1** **cár cheannaigh tú an ticéad**
**P2** **cé mhéad airgid a bhuaigh tú**
**P3** **cuairt ar an Zú le do dhearthár óg**
**P4** **cad a rinne tú leis an airgead.**

**Scríobh an litir sa bhosca ar lch 15.**
Freagair (a) ***nó*** (b)

**(a)** **Litir**

| | |
|---|---|
| **Eolas:** | 8 mharc (4 mharc x 2 = 8 marc) |
| **Foirmlí:** | 4 mharc [Seoladh = 1+ Dátaí =1 +Beannú = 1 + Síniu Scoir = 1] |
| **Gaeilge:** | 28 marc (blocmharcáil) |

**(b)** **Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| **Eolas:** | 10 marc (2 mharc x 5 = 10 marc ) |
| **Gaeilge:** | 30 marc (blocmharcáil) |

- Eolas: '0'(náid) ar eolas → '0'(náid) ar Ghaeilge
- Pointe eolais as gach bosca ( sraith phictiúr) 1- 4 agus an cúigiú pointe as bosca ar bith.

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | **160 + 40** | = | **200** |
|---|---|---|---|

**Ceist 6 (a)**

**LITIR**

**N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, beannú, agus críoch oiriúnach.**

**Seoladh:** ____________________________

____________________________

____________________________ √ } **1**

**Dáta:** ____________________________ √ } **1**

**Beannú:** ____________________________ √ } **1**

**FOIRM = 4**

**EOLAS = 8**

**GAEILGE = 28**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **P1** | | **EOLAS** | **2 mharc** |
| **P2** | | | **2 mharc** |
| **P3** | | | **2 mharc** |
| **P4** | | | **2 mharc** |

| | |
|---|---|
| **FOIRM** | **4** |
| **EOLAS** | **8** |
| **GAEILGE** | **<u>28</u>** |
| **IOMLÁN** | **40** |

**Críoch:** ____________________________


____________________________

____________________________ √ } **1**

$$\frac{\mathbf{40}}{\mathbf{40}}$$

(b) **Alt / Cuntas (15 líne nó mar sin)**

Is tusa Ciara nó Seosamh, duine de na daoine óga atá sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.



**Ceist 6 (b)**

**ALT /CUNTAS**

**EOLAS = 10**

**GAEILGE = 30**

**EOLAS** **Pictiúr 1**

**Pictiúr 2**

**Pictiúr 3**

**Pictiúr 4**

**Rogha Pictiúr**

**P1** **2 mharc**

**P2** **2 mharc**

**P3** **2 mharc**

**P4** **2 mharc**

**P5** **2 mharc**

**EOLAS = 10**

**GAEILGE = 30**

**40**